www.xtrapapers.com

Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
January 2019

# Matamaitic

Aonad M3
**(Le háireamhán)**
Ardsraith

**[GMC31]**

*GMC31*

**DÉ MÁIRT 8 EANÁIR, 9.15am–11.15am**

**AM**

2 uair an chloig

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **ceithre** cheist is **fiche**.
Ba chóir an obair go léir a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Tá cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir go mbeadh áireamhán, rialóir, compáis agus uillinntomhas agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

11923.02

www.xtrapapers.com


# Bileog Foirmlí

**Toirt phriosma** = achar trasghearrtha × fad




**Toirt sféir** $= \frac{4}{3}\pi r^3$

**Achar dromchla sféir** $= 4\pi r^2$





**An Chothromóid Chearnach**

Faightear réitigh $ax^2 + bx + c = 0$
an áit a bhfuil $a \neq 0$ tríd


$$x = \frac{-b \pm \sqrt{b^2 - 4ac}}{2a}$$

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a + b)h$





**Toirt chóin** $= \frac{1}{3}\pi r^2 h$

**Achar dromchla cuartha cóin** $= \pi rl$




**I dtriantán *ABC* ar bith**




**Riail an tSínis:** $\frac{a}{\sin A} = \frac{b}{\sin B} = \frac{c}{\sin C}$

**Riail an Chomhshínis:**

$a^2 = b^2 + c^2 - 2bc \cos A$

**Achar an triantáin** $= \frac{1}{2} ab \sin C$

www.xtrapapers.com

**1** Fuair Brian roinnt trealaimh ar cíos.

Bhí muirear seasta de £45 ann móide táille chíosa de £13.50 sa lá.

D'íoc sé £274.50 san iomlán.

Cá mhéad lá a bhí an trealamh ar cíos aige?

Freagra ______________ [3]

**2** Cuir digit ó 1, 2, 3, 4, 5 i ngach bosca le ráiteas fíor a dhéanamh.

$\square + \square \times \square = 21$

[2]


www.xtrapapers.com

**3** **(a)** Bhí ceithre mhéid de thobáin uachtar reoite ar díol ag siopa Uachtar Reoite Dháithí.

Is mian leis an úinéir píchairt a fheiceáil a thaispeánfaidh líonta na dtobán atá díolta.

| Méid an tobáin | Líon tobán díolta | Uillinn |
|---|---|---|
| Beag | 50 | |
| Meánach | 34 | |
| Mór | 24 | |
| Teaghlach | 12 | |

Tarraing píchairt leis an fhaisnéis seo a thaispeáint.



[4]

www.xtrapapers.com

**(b)** Comhlánaigh an tábla le líon iomlán na scúp a úsáideadh a fháil.

| Méid an tobáin | Líon tobán díolta | Líon scúp sa tobán | Líon scúp a úsáideadh |
|---|---|---|---|
| Beag | 50 | 1 | 50 |
| Meánach | 34 | 2 | 68 |
| Mór | 24 | 3 | |
| Teaghlach | 12 | 10 | |
| | | **Iomlán** | |

[2]

**[Tiontaigh an leathanach**


www.xtrapapers.com

**4** **(a)** Comhlánaigh an tábla thíos do $y = 5x - 4$

| $x$ | −2 | −1 | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $y$ | −14 | | −4 | 1 | | 11 | 16 |

[1]

**(b)** Ar an eangach thíos, tarraing an graf de $y = 5x - 4$




[2]

www.xtrapapers.com

**5** Bhailigh Máire roinnt airgid.

Thug sí $\frac{2}{5}$ den airgead do charthanas.

Thug sí $\frac{1}{4}$ den airgead do thionscadal tithíochta.

Thug sí an chuid eile den airgead do ghrúpa garchabhrach.


Cad é an **céatadán** den airgead a fuair an grúpa garchabhrach?

Freagra ______________% [4]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**6** Taispeánann an léaráid thíos gairdín dronuilleogach le lochán ciorclach ina lár.




**(a)** Oibrigh amach achar an locháin.

Luaigh aonaid do fhreagra.

Freagra ______________________ [3]

www.xtrapapers.com

**(b)** Tá costas £30 sa mhéadar chearnach ar phábháil.

Ní féidir í a cheannach ach i méadair chearnacha iomlána.

Cad é an costas a bhainfidh leis an chuid atá ar taispeáint ar an léaráid a phábháil?

Freagra £______________ [4]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

7 Is mian le Liadh a sheiceáil cé chomh heacnamaíoch agus atá a carr.

Taistealaíonn sí 275 míle, agus úsáideann sí 22 lítear peitril.

**(a)** Cá mhéad míle a thaistealaíonn a carr sa lítear peitril?

Freagra _____________ míle [1]

**(b)** Thóg an turas 275 míle 5 uair 30 nóiméad ar Liadh.

Cad é an meánluas dá turas?

Freagra _____________ míle san uair [3]

www.xtrapapers.com

**8** Is úinéir óstáin í Sinéad.

Maidin Dé Luain bhí bricfeasta ag 54 dá 75 aoi.

Cad é an céatadán a raibh bricfeasta acu?

Freagra ____________% [2]

**9** **(a)** Iolraigh amach $5\,(2t + 7)$

Freagra ____________ [1]

**(b)** Fachtóirigh $16r - 8$

Freagra ____________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**10** Cheannaigh Dónal carr nua.

Bhí air £220 móide CBL (*VAT*) 20% sa mhí a íoc ar feadh 3 bliana.

Ba é 30 000 míle an míleáiste a bhí ceadaithe do na 3 bliana sula mbeadh táille ar bith ann.

Gearradh táille de 8p sa mhíle do gach míle breise.

I ndiaidh 3 bliana bhí 37 200 míle tiomáinte ag Dónal.


Cá mhéad a d'íoc Dónal san iomlán don tréimhse 3 bliana?

Freagra £____________________ [5]

www.xtrapapers.com

**11** **(a)** Scríobh slonn, i dtéarmaí $x$, d'imlíne an triantáin atá ar taispeáint.

**Tabhair do fhreagra ina fhoirm is simplí.**




Freagra ______________________________ [2]

**(b)** Is é 32 imlíne an triantáin seo.

**(i)** Scríobh cothromóid i dtéarmaí $x$.

Freagra ______________________________ [1]

**(ii)** Réitigh do chothromóid le $x$ a fháil.

Freagra ____________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**12 (a) (i)** Bhí Fionnuala ag iarraidh suirbhé a dhéanamh faoin tinreamh ag a scoil.

Dhear sí ceistneoir le bheith comhlánaithe ag daltaí.

Ba é ceann amháin de na ceisteanna:

"Cá mhéad lá a bhí tú saor ón scoil?"

Luaigh locht **amháin** a bhaineann lena ceist.

Freagra ____________________________________________

____________________________________________ [1]

**(ii)** Socraíonn sí a cuid ceistneoirí a thabhairt don chéad 20 dalta a thagann amach as tionól Bhliain 12 Luan amháin.

Luaigh **dhá** fháth gur féidir nach bhfuil a sampla ionadaíoch de dhaonra iomlán na scoile.

Freagra ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(b)** D'iarr Fionnuala faisnéis ar oifig na scoile faoi dhaltaí a tháinig go mall chun na scoile ar lá áirithe.

D'inis siad di go raibh 14 dhalta mall ar an lá sin.

Taispeánann an liosta thíos cá mhéad nóiméad a bhí gach dalta mall.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 8 | 12 | 15 | 27 | 19 | 26 | 24 |
| 38 | 29 | 14 | 11 | 16 | 23 | 16 |

Taispeáin an fhaisnéis seo i léaráid ghais is duillí ordaithe.


[3]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**13** Tá cruth ceathrú chiorcail ar shuaitheantas mar a thaispeántar thíos.

Ríomh imlíne an tsuaitheantais.




níl an léaráid tarraingthe go beacht

Freagra ___________ cm [3]

www.xtrapapers.com

**14** Is iad na triailscóir do na 10 mbuachaill i rang ná

7 8 5 8 7 9 4 5 3 9

Is é 8 an triailscór meánach do na 5 chailín sa rang.

Ríomh an meán don rang seo.

**Taispeáin do chuid oibre go soiléir.**

Freagra ______________ [3]

www.xtrapapers.com

**15** **(a)** Agus é tugtha go bhfuil $4\,500 = 2^a \times 3^2 \times 5^b$

oibrigh amach luachanna *a* agus *b*.

Freagra $a =$ ______________ $b =$ ______________ [3]

**(b)** Uaidh sin, scríobh an luach is ísle faoina gcaithfear 4500 a iolrú le huimhir **chiúbach** a dhéanamh.

Freagra ______________ [2]

www.xtrapapers.com

**16** Rinneadh luasanna carranna ar bhóthar a thaifeadadh thar thréimhse ama.

Tá na torthaí taifeadta sa tábla minicíocht ghrúpáilte.

| **Luas (*s* míle san uair)** | **Minicíocht** | | |
|---|---|---|---|
| $20 < s \leqslant 30$ | 12 | | |
| $30 < s \leqslant 40$ | 16 | | |
| $40 < s \leqslant 50$ | 18 | | |
| $50 < s \leqslant 60$ | 2 | | |
| $60 < s \leqslant 70$ | 2 | | |

**(a)** Cá mhéad carr a bhí ag taisteal ar níos mó ná 40 msu (*mph*)?

Freagra ______________ [1]

**(b)** Cé acu eatramh ranga ina bhfuil an luas airmheánach?

Freagra ________________________ [1]

**(c)** Ríomh meastachán do mheánluas na gcarranna ar an bhóthar.

Freagar ________________________ msu (*mph*) [4]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com


**17** Mhéadaigh airde páiste ó 84 cm go dtí 91 cm.

Ríomh an méadú céatadánach.

Freagra ______________ % [3]

www.xtrapapers.com

**18** Is cearnóg é ABCD dar slios 6 cm.




níl an léaráid tarraingthe go beacht

Cá mhéad níos faide atá AC ná AD?

**Ní mór duit do chuid oibre uilig a thaispeáint.**

Freagra ______________ cm [4]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**19** Tarraingíonn Yasmin dronuilleog dar tomhais 2 cm faoi 4 cm (an dá cheann go dtí an cm is gaire).

Deir sí go gcaithfidh an t-achar a bheith 8 $cm^2$, go dtí an $cm^2$ is gaire.

Mínigh cad chuige a bhfuil sí mícheart.

[2]

**20** Tá Peadar, Eoin agus Coilín ag roinnt árasáin le chéile. Íocann siad an cíos ar bhonn míosúil.

Íocann Peadar 30% den chíos mhíosúil.

Íocann Eoin $\frac{3}{8}$ den chíos mhíosúil.

Íocann Coilín £520 den chíos mhíosúil.

Ríomh an cíos iomlán míosúil ar an árasán.

Freagra £ ______________ [5]

www.xtrapapers.com

**21** Fachtóirigh gach ceann acu seo a leanas.

**(a)** $10cp^2 - 4cp$

Freagra ____________________ [2]

**(b)** $y^2 - 1$

Freagra ____________________ [1]

**(c)** $k^2 - 2k - 3$

Freagra ____________________ [2]


**(d)** $(x - 2)^2 + 5(x - 2)$

Freagra ____________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**22** Is triantán dronuilleach é PQR.




níl an léaráid tarraingthe go beacht

Faoi cá mhéad céim atá uillinn P níos mó ná uillinn R?

Tabhair do fhreagra go dtí an chéim is gaire.

**Taispeáin do chuid oibre uilig go soiléir.**

Freagra ________________ ° [5]

www.xtrapapers.com

**23** Réitigh $\frac{x + 3}{2} = \frac{5x}{6}$

Freagra $x$ = _______________ [4]

**[Tiontaigh an leathanach**


www.xtrapapers.com

**24** Tugann tábla na minicíochta carnaí sonraí faoin fhad ama a thógann sé ar 50 oibrí le taisteal chun na hoibre maidin amháin.

| **Am turais ($t$ nóiméad)** | **Minicíocht Charnach** |
|---|---|
| $t \leqslant 20$ | 7 |
| $t \leqslant 25$ | 22 |
| $t \leqslant 30$ | 36 |
| $t \leqslant 35$ | 45 |
| $t \leqslant 45$ | 49 |
| $t \leqslant 60$ | 50 |

www.xtrapapers.com

**(a)** Ar an ghrafpháipéar thíos, tarraing graf minicíocht charnach leis na sonraí a léiriú.




[3]

**(b)** Bain úsáid as an ghraf le measúnú a dhéanamh ar chéatadán na n-oibrithe a raibh a n-am turais níos faide ná 40 nóiméad.

Freagra _______________ % [2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| 16 | |
| 17 | |
| 18 | |
| 19 | |
| 20 | |
| 21 | |
| 22 | |
| 23 | |
| 24 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.